# Oifig **an** P**h**ríomhoide

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

**Pointe gramadaí:**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má úsáidtear an t-alt (an) séimhítear túschonsan an dara hainmfhocal firinscneach.

Tá an t-ainmfhocal *Príomhoide* firinscneach.

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Halla **na** Scoile

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

**Pointe gramadaí:**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má úsáidtear an t-alt (na) san uimhir uatha, tá a fhios againn go bhfuil
an dara hainmfhocal baininscneach.

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Leithreas **na** gcailíní

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

**<u>Pointe gramadaí:</u>**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má tá urú ar an ainmfhocal a leanann an t-alt (na), tá a fhios againn go bhfuil an t-ainmfhocal sin sa Tuiseal Ginideach Iolra.

Nóta: Tá an focal 'Leithreas" ag tagairt do leithreas amháin. Gach seans go bhfuil níos mó ná leithreas amháin sa scoil. Sa chás seo, bheadh 'Leithris" níos oiriúnaí.

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Leithreas **na m**buachaillí

(ainmfhocal) (an t-alt) (ainmfhocal)

**Pointe gramadaí:**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Má tá urú ar an ainmfhocal a leanann an t-alt (na), tá a fhios againn go bhfuil an t-ainmfhocail sin sa Tuiseal Ginideach Iolra.

Nóta: Tá an focal 'Leithreas" ag tagairt do leithreas amháin. Gach seans go bhfuil níos mó ná leithreas amháin sa scoil. Sa chás seo, bheadh 'Leithris" níos oiriúnaí.

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Seomra foirne

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

**<u>Pointe gramadaí:</u>**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é “foirne” an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal “Foireann”

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Seomra ceo**i**l

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

**Pointe gramadaí:**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é "ceo**i**l" an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal "ceol"

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Bosca brusca**i**r

(ainmfhocal) (ainmfhocal)

**Pointe gramadaí:**

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, cuirtear an dara hainmfhocal sa Tuiseal Ginideach.

Is é "brusca**i**r" an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal "bruscar"

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí